Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2019
(OR. en)

13329/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0330/A(COD)**

**CODEC 1515**
**FRONT 284**
**SIRIS 153**
**COMIX 483**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 12 Meán Fómhair 2018, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 77(2) CFAE agus ar Airteagal 79(2) CFAE[2][3][4], ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 12 Nollaig 2018[5].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh ar an 6 Feabhra 2019[6].

[1] 12143/18.
[2] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
[3] I gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
[4] I gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
[5] IO C 110, 22.3.2019, lch. 62.
[6] IO C 168, 16.5.2019, lch. 74.

4. Ar an 18 Aibreán 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa an seasamh uaithi ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch). Tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhormheas an Pharlaimint ceartúchán a rinneadh ar an seasamh sin le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aici ón 21 go dtí an 24 Deireadh Fómhair 2019. Is léiriú é sin ar an gcomhréiteach ar tháinig na ceithre institiúid air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[7].

5. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a mholadh don Chomhairle:

   – an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 33/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus an Spáinn agus an Iodáil ag vótáil ina choinne;

   – a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá in Aguisín 1 agus 2 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

   – a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo a fhoilsiú san Iris Oifigiúil;

   Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[7] 8498/19.